S13/21

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# Scrúduithe na mBéaltrialacha Teanga 2021

# Treoir do Bhainistíocht na Scoile

Is é aidhm an doiciméid seo treoir a chur ar fáil do bhainistíocht na scoile agus do na múinteoirí maidir le hagallaimh bhéaltrialacha na hArdteistiméireachta, 2021, a phleanáil, a eagrú, a dhéanamh agus a thaifeadadh. Chomh maith leis an treoirdhoiciméad seo do scoileanna, tá sraitheanna treoracha ann a bhaineann leis na teangacha ar leith le haghaidh múinteoirí a dhéanfaidh na hagallaimh agus eiseofar iad seo astu féin.

San áireamh sna nósanna imeachta atá le leanúint tá siad siúd atá mionsonraithe i gcorp an Treoirdhoiciméid seo agus sna hAguisíní. Tarraingítear aird ar leith ar Aguisín 1 – *Eolas Teicniúil maidir leis na hagallaimh a thaifeadadh.*

Déanfar na doiciméid agus na hábhair a ndéantar tagairt dóibh sa doiciméad seo chun riaradh bhéaltrialacha 2021 a éascú a eisiúint chuig scoileanna sula dtosaíonn an deis le hagallaimh na mbéaltrialacha a reáchtáil ar an 26 Márta.

## 1. Réamhrá

Ar an 17 Feabhra d'fhógair an Rialtas go mbeidh scrúduithe scríofa na hArdteistiméireachta, 2021, ar siúl i mí an Mheithimh agus rachaidh na comhpháirteanna lena mbaineann ar aghaidh chomh fada agus is féidir faoi réir chomhairle na sláinte poiblí. Beidh próiseas comhfhreagrach ann freisin de ghráid chreidiúnaithe ó Choimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS) ar fáil do na scoláirí a roghnaíonn iad a fháil.

Mar chuid den phróiseas scrúduithe aontaíodh go n-eagróidh na scoileanna na béaltrialacha sa Ghaeilge agus sna nuatheangacha iasachta agus beidh siad ar siúl idir an 26 Márta agus an 15 Aibreán. Cé go ndéanann scrúdaitheoir seachtrach atá ceaptha ag CSS agallaimh na mbéaltrialacha leis na hiarrthóirí agus measúnú orthu i ngnáthbhliain, i mbliana is dhá ról ar leith a bheidh i gceist. Déanfaidh múinteoir atá ceaptha ag an scoil na hagallaimh agus déanfar iad a thaifeadadh ó thaobh fuaime de. Ní bhronnfaidh an múinteoir seo na marcanna. Cuirfear na taifeadtaí ar aghaidh go dtí CSS agus ansin déanfaidh scrúdaitheoirí atá ceaptha ag CSS na marcanna a bhronnadh bunaithe ar na taifeadtaí seo.

Tabhair faoi deara, i ngach doiciméad de chuid dhoiciméid CSS maidir leis an bpróiseas seo le haghaidh 2021, déanann an téarma *agallóir* tagairt don duine a dhéanann an t-agallamh leis an iarrthóir, agus déanann an téarma *scrúdaitheoir* tagairt don scrúdaitheoir atá ceaptha ag CSS a éistfidh leis an taifeadadh níos déanaí agus a bhronfaidh na marcanna ar an iarrthóir. Ar an gcaoi chéanna, chun a thaispeáint nach bhfuil an t-iarrthóir 'á scrúdú' ag an agallóir, déantar tagairt don ghníomhaíocht atá á déanamh sa scoil sna doiciméid mar *agallamh béaltrialach teanga* nó *agallamh*, seachas scrúdú, téarma a dhéanfaidh tagairt don phróiseas ar an iomlán.

Beidh na hagallaimh á reáchtáil lasmuigh d'am teagaisc agus faoi réir comhairle na sláinte poiblí. Is iad seo a leanas na hábhair a bhfuil comhpháirteanna béaltrialacha acu don scrúdú: Gaeilge, Fraincis, Gearmáinis, Spáinnis, Iodáilis, Rúisis agus Seapáinis. Déanfar na scrúduithe béaltrialacha le haghaidh na hArdteistiméireachta Feidhmí (Bliain 1 agus Bliain 2) faoi shocruithe den chineál céanna i mí na Bealtaine.

Táthar ag súil go ndéanfaidh gach duine a bhfuil baint aige/aici sa phróiseas an obair go gairmiúil agus go hionraic.

# 2. Róil agus freagrachtaí phearsanra na scoile

## Ról Phríomhoide na Scoile

Cé go ndéanfaidh pearsanra eile de chuid na scoile roinnt de na bearta, is é an príomhoide a dhéanann an mhaoirseacht agus a bhfuil an fhreagracht iomlán air/uirthi fós lena chinntiú go ndéantar iad i gcomhréir leis an treoirdhoiciméad seo agus leis na *Treoracha d'Agallóirí na mBéaltrialacha Teanga*.

Cinnteoidh sé seo go dtabharfar an deis do gach iarrthóir ionas go dtugtar an deis go gach iarrthóir na scileanna inniúlachta béil ábhartha a léiriú ar bhealach inar féidir le scrúdaitheoir an CSS na scileanna sin a chreidiúnú ar bhonn na fianaise sa taifeadadh.

Mar shampla, mura dtugann an t-agallóir dóthain ama le haghaidh an agallaimh nó má fhágann sé/sí amach réimse áirithe ceisteanna ar gá a bheith clúdaithe, ansin ní bheidh scrúdaitheoir an CSS a éisteann leis an taifeadadh ina dhiaidh sin in ann é seo a chúiteamh ná an t-iarrthóir a chreidiúnú le haghaidh gné inniúlachta ar bith nach raibh an deis acu a léiriú. D'fhéadfadh a leithéid d'iarrthóir marc níos ísle a fháil ná mar a bheadh faighte aige/aici dá mbeadh an t-agallamh déanta i gcomhréir iomlán leis an treoir. Ní mór do scoileanna gach iarracht a dhéanamh lena chinntiú go ndéantar na hagallaimh i gceart ó thús.

Ar an gcaoi chéanna, tá an scoil freagrach as a chinntiú go bhfuil caighdeán na dtaifeadtaí fuaime sásúil, go ndéantar na taifeadtaí a shábháil go hiomchuí san fhormáid cheart, go ndéantar cóipeanna cúltaca, go ndéantar na taifeadtaí a sheiceáil mar a bhfuil cur síos déanta air in **Aguisín 1 (Eolas Teicniúil maidir leis na hagallaimh a thaifeadadh)** agus go gcuirtear isteach na taifeadtaí chuig CSS. Bronnfaidh scrúdaitheoir an CSS marcanna bunaithe ar leibhéal na hinniúlachta amháin sa bhéaltriail a léiríonn an t-iarrthóir go soiléir agus os ard ar an taifeadadh. Ní bheidh CSS in ann marc do chomhpháirt na mbéaltrialacha a

chur ar fáil d'aon iarrthóir mura bhfuil taifeadadh curtha isteach, nó mura bhfuil sé soiléir go sásúil, nó má bhíonn sé truaillithe agus nár choimeád an scoil cóip chúltaca is féidir a úsáid. Tabhair faoi deara, in 2021, níl aon ghá do scoileanna foirm Ord Fiúntais (ML10 / BT10) a chomhlánú le haghaidh scrúduithe na mbéaltrialacha.

Beidh ar phríomhoidí na scoileanna a séala a chur le gach rud thuas. (Féach Aguisín 3)

**Príobháideachas Sonraí agus RGCS**

Ní mór riaradh na n-agallamh, bainistíocht na dtaifeadtaí agus aon obair a bhaineann leis an bpróiseas seo a réachtáil i gcomhréir iomlán leis na riachtanais ar fad a bhaineann le Polasaí Úsáide Inghlactha na scoile prótacail um chosaint sonraí agus RGCS. Seachas na taifeadtaí iad féin agus na doiciméid a bhaineann leo, níor chóir do na hagallóirí ná aon duine eile atá bainteach, aon eolas maidir leis na hiarrthóirí agus a bhfeidhmíocht a bhailiú, a stóráil ná a scaipeadh. Ba chóir do gach duine atá bainteach an oiread agus is féidir a dhéanamh lena chinntiú nach bhfaigheann aon duine neamhúdaraithe rochtain ar thaifeadtaí na n-agallamh.

Faoin Acht um Chosaint Sonraí 2018, tá srianta istigh ann maidir le cearta rochtana ar scripteanna scrúdaithe (na taifeadtaí fuaime san áireamh) roimh dháta eisiúna thorthaí na scrúduithe agus/nó roimh dháta thorthaí na n-achomharc. Má fhaigheann scoil iarratas ar rochtain a dhéanamh ar shonraí ó iarrthóir le haghaidh thaifeadadh a b(h)éaltrialach sula ndéantar na torthaí a eisiúint is féidir leo freagra a thabhairt i dtaca leis seo.

Tar éis na torthaí a eisiúint (nó torthaí an achomhairc má dhéanann siad achomharc), beidh iarrthóirí in ann Iarratas um Rochtain ar Ábhar a dhéanamh chuig CSS ar chóip den taifeadadh dá n-agallamh béaltrialach. Má dhéanann siad a leithéid d'iarratas, cuirfear a nguth féin ar an taifeadadh ar fáil dóibh. Ní chuirfear guth an agallóra ar fáil dóibh agus ní chuirfear na ceisteanna a cuireadh orthu sa triail ar fáil dóibh. Murab ionann is freagraí an iarrthóra, ní sonraí pearsanta iad na ceisteanna agus ní fhoilsítear na ceisteanna a chuirtear in agallaimh na mbéaltrialacha. I bhfianaise chastacht an taisc is féidir leis an amlíne leis na taifeadtaí a eagrú le bheith curtha in eagar maireachtáil ar feadh i bhfad.

## Ceapachán múinteoirí le hagallaimh na mbéaltrialacha a dhéanamh

Ba chóir agallaimh na mbéaltrialacha teanga a bheith déanta sa scoil ag múinteoir den scoil nuair is féidir. Tá solúbthacht ann freisin múinteoir a aimsiú sa scoil nó go háitiúil leis na hagallaimh a dhéanamh.

Ba chóir go mbeadh an duine atá fostaithe leis an agallamh a dhéanamh ina m(h)úinteoir cláraithe faoi láthair nó ina m(h)úinteoir a bhí cláraithe. Ní gá go mbeadh bainistíocht na scoile cláraithe le teagasc a dhéanamh sa teanga áirithe atá i gceist, ar an gcoinníoll go bhfuil bainisíocht na scoile sásta go bhfuil a dhóthain inniúlachta ag an duine sa teanga áirithe leis na hagallaimh a dhéanamh i gceart. Níor chóir d'agallóir ar bith agallamh a dhéanamh le garghaol.

I gcás na Rúisise, na Seapáinise agus na hIodáilise, a dhéanann iarrthóirí a staidéar go minic go neamhspleách agus ina mbeadh seans ann nach bhfuil aon mhúinteoir sa scoil, ansin fiú tar éis na bealaí féideartha atá ann a fhiosrú chun agallóir a aimsiú le hagallaimh na mbéaltrialacha a dhéanamh, b'fhéidir nach n-éireoidh le scoil agallóir a aimsiú. Ina leithéid de chásanna, b'fhéidir go mbeidh Teangacha Iar-bhunscoile na hÉireann (TIBÉ)[1] in ann cúnamh a chur ar fáil do scoileanna le múinteoirí nó teagascóirí na n-ábhar seo a aimsiú (Rúisis, Seapáinis agus Iodáilis) le hagallaimh na mbéaltrialacha seo a dhéanamh. I gcásanna áirithe, b'fhéidir go mbeidh scoláirí rannpháirteach i staidéar na dteangacha le múinteoirí agus teagascóirí atá curtha ar fáil ag TIBÉ. Ba chóir do scoileanna teagmháil a dhéanam go díreach le TIBÉ ag info@ppli.ie faoin 12 meánlae ar an Máirt 23 Márta chun an cúnamh a bheadh ar fáil a phlé.

**Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána**

I gcásanna nach bhfuil grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána déanta ar dhuine atá fostaithe chun agllaimh na mbéaltrialacha a dhéanamh ba chóir don scoil teagmháil a dhéanamh le riarthóir an ghrinnfhiosrúcháin san fhoras bainistíochta ábhartha (Comhchoiste na mBainisteoirí, Cumann na Scoileanna Pobail is Cuimsitheacha nó BOOanna aonair) agus cuirfear próiseas grinnfhiosrúcháin tapa i bhfeidhm.

## Ról Chúntóir na Scrúduithe – ról tacaíochta lóistíochtúla

Beidh Cúntóir(í) na Scrúduithe seo an duine/daoine atá ceaptha ag an scoil, a bheidh freagrach astu seo a leanas:

- cúnamh agus tacaíocht a thabhairt do na hagallóirí agus teagmháil a dhéanamh leo (na múinteoirí a bhfuil agallaimh na mbéaltrialacha á ndéanamh acu sa scoil). Níor chóir go mbeadh níos mó ná trí agallamh sceidealta in uair an chloig amháin agus níor chóir go mbeadh níos mó ná dhá cheann sa chéad uair an chloig den seisiún, agus tabhair faoi deara nach mór an taifeadadh don chéad agallamh in aon seisiún a sheiceáil don chaighdeán.
- pleanáil, ullmhúchán agus tástáil a dheanamh ar an teicneolaíocht leis na hagallaimh a sholáthar i gcomhréir leis na nósanna imeachta teicniúla leis na taifeadtaí a thaifeadadh agus a bhainistiú mar ata leagtha amach in Aguisín 1.
- an t-aghallóir a chur ar an eolas maidir le gach gné de na nósanna imeachta seo.
- a chinntiú go ndéantar agallaimh na mbéaltrialacha i gceart i rith an sceidil.
- a chinntiú go bhfuil na hábhair agus na doiciméid ar fad atá ag teastáil ag na hagallóirí leis na hagallaimh a dhéanamh i ngach ábhair, a leithéd d'ábhair ar nós rólghlacadh, sraith pictiúr srl.
- má bhíonn níos mó ná agallóir amháin i gceist le haghaidh teanga áirithe, leithdháileadh na n-iarrthóirí a eagrú do na hagallóirí ar cibé bealach a gceapann bainistíocht na scoile atá iomchuí.

[1] Is tionscadal atá maoinithe ag an RO é Teangacha Iar-bhunscoile na hÉireann (TIBÉ) d'aonad polasaí Curaclaim agus Measúnachta sa Roinn Oideachais. Is aonad tiomnaithe é a chuireann saineolas agus tacaíocht ar fáil d'oideachas teangacha iasachta in Éirinn, go príomha ag leibhéal na hiar-bhunscoile. Díríonn sé ar na deiseanna a fheabhsú agus a leathnú atá ar fáil do scoláirí le teangacha iasachta a fhoghlaim.

Cé go bhfuil sé faoi rogha bainistíocht na scoile níos mó ná duine amháin a cheapadh do ról Chúntóir na Scrúduithe de réir mar a chuirtear an sceideal i bhfeidhm ar bhonn céimneach, ba chóir a laghad daoine is féidir a cheapadh.

Ba chóir a chur san áireamh an gá atá ann an trealamh riachtanach a chur ar fáil, chun tacaíocht agus cúnamh a thabhairt do na hagallóirí leis na taifeadtaí fuaime a dhéanamh agus a shábháil, agus an gá atá ann na taifeadtaí a chur i dtoll a chéile, a sheiceáil, cóipeanna díobh a dhéanamh agus cóipeanna cúltaca a dhéanamh agus an duine nó na daoine á roghnú a fheidhmeoidh mar Chúntóir Scrúduithe. (Féach Aguisín 1.)

Ba chóir don scoil socrú a dhéanamh freisin le go mbeidh liosta Cúntóirí Scrúduithe cúltaca aici don ról seo, ar féidir iad a ghairm sa chás nach bhfuil Cúntóir na Scrúduithe ceaptha in ann bheith i láthair de bharr tinnis nó aon chúis eile.

### Ról an Agallóra (an múinteoir atá ag déanamh an agallaimh)

Tá an t-agallóir freagrach as na nithe seo a leanas:

- na hagallaimh a dhéanamh leis na hiarrthóirí i gcomhréir iomlán leis na treoracha agus treoir ar fad atá curtha ar fáil
- a chinntiú go ndéantar an t-agallamh a thaifeadadh ar chaighdeán iomchuí, agus go ndéantar an taifeadadh a shábháil leis an gcomhaddainm ceart
- a chinntiú go gcuirtear an obair riaracháin ar fad a bhaineann leis i gcrích
- teagmháil a dhéanamh le Cúntóir na Scrúduithe agus le bhainistíocht na scoile de réir mar is gá lena chinntiú go ndéileáiltear go hiomchuí le haon deacrachtaí a thagann chun cinn ag leibhéal na scoile agus go ndéantar iad a thuairisciú.

Tá sé ríthábhachtach go léann na hagallóirí a dtreoracha go han-chúramach agus go gcuireann siad na treoracha ar fad i gcrích i gceart agus go díograiseach ina dhiaidh sin. Ní mór dóibh bheith soiléir maidir lena bhfuil á iarraidh orthu a dhéanamh, ionas go mbeidh fianaise chuí de leibhéal gnóthachtála gach iarrthóra curtha ar fáil agus go ndéanfar í a thaifeadadh i gcomhréir leis na treoracha. Mar thoradh air seo cinnteofar gur féidir measúnú a dhéanamh ar obair na n-iarrthóirí uile go cruinn agus go cothrom. Mura ndéantar é seo b'fhéidir nach mbeifí in ann measúnú a dhéanamh ar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus i gcomhréir le hobair iarrthóirí eile dá bharr. Ní bheidh scrúdaitheoirí CSS in ann creidiúnú a thabhairt d'iarrthóirí ach amháin le haghaidh fhianaise na hinniúlachta teanga a léiríonn siad le linn an agallaimh, mar atá curtha ar fáil ag an agallóir.

Ba chóir caitheamh go rúnda leis na *Treoracha d'Agallóirí na mBéaltrialacha* agus níor chóir iad a scaipeadh ar na hiarrthóirí ná ar dhuine ar bith eile nach agallóir é/í ná nach bhfuil baint aige/aici sna socruithe a dhéantar leis na hagallaimh a dhéanamh.

## 3. Sláinte Phoiblí

Ní mór agallaimh na mbéaltrialacha a eagrú ag cur san áireamh rialuithe na sláinte poiblí atá ag riachtanach, agus tá sé tábhachtach go bhfuil na socruithe lóistíochtúla seo a leanas i

bhfeidhm ag na scoileanna lena chinntiú go gcloíonn siad le treoir sláinte agus sábháilteachta agus agallaimh na mbéaltrialacha aghaidh ar aghaidh á n-éascú acu:

- Go bhfanann an t-agallóir sa seomra céanna le linn na hoibre.
- Go mbaineann na hiarrthóirí úsáid as a bpinn féin chun *Rolla Iontrála na nIarrthóirí* agus *Taifead an Agallóra a bhfuil a (h)Ainm Leis* a shíniú.
- Nach roinntear aon doiciméid ach amháin más féidir iad a dhíghalrú tar éis iad a úsáid – tá gá le sraith úr le haghaidh gach iarrthóra de Shraith Pictiúr, Cártaí Topaice agus Rólghlacadh de réir mar is cuí, mar shampla ba chóir don scoil sraith lannaithe a chuireann ar fáil agus is féidir a dhíghalrú tar éis do gach iarrthóir iad a úsáid.
- Dóthain spáis a bheith curtha ar fáil le go mbeidh dhá mhéadar ar a laghad idir an t-iarrthóir agus an t-agallóir (agus aon duine a eile a mbeadh air/uirthi a bheith i láthair sa seomra).
- Aird a thabhairt ar bhéasa sláinteachais lámh agus riospráide.
- Scáileáin pheirspéacs le bheith in úsáid idir an t-iarrthóir agus an t-agallóir. Tabhair faoi deara nach bhfuil sé oiriúnach don agallóir ná don iarrthóir maisc a chaitheamh, mar chuirfeadh sé seo isteach ar an gcumarsáid cheart agus shoiléir agus ar thaifeadadh soiléir a chruthú ina léirítear i gceart leibhéal inniúlachta cumarsáide an iarrthóra.
- Na dromchlaí ar fad agus an trealamh taifeadta digiteach a ghlanadh idir na hagallaimh.
- Go bhfuil gá na seomraí a aerú go sásúil, fiú nuair a chuirtear san áireamh an gá atá ann lena chinntiú nach gcuireann torann seachtrach isteach leis an agallamh ná leis an taifeadadh.
- Nach mbeidh aon doiciméid ar an deasc ná ar an mbord seachas na cinn atá riachtanach leis an agallamh a dhéanamh.

# 4. Iarrthóirí

## Na hiarrthóirí atá ag déanamh na mbéaltrialacha a aithint

Tar éis an Tairseach Féinseirbhíse Iarrthóra a dhúnadh agus na sonraí a dhearbhú, cuirfidh CSS na sonraí ar fáil do scoileanna faoi na hiarrthóirí a chuir in iúl go mbeidh na scrúduithe á ndéanamh acu sna hábhair ina bhfuil comhpháirteanna béaltrialacha i gceist. Ach, mar gheall ar an am ó thaobh na sonraí seo a bheith ar fáil ba chóir do scoileanna teagmháil a dhéanamh lena scoláirí féin maidir lena bhfuil ar intinn acu a dhéanamh d'fhonn pleanáil a dhéanamh le haghaidh agallaimh na mbéaltrialacha.

## Iarrthóirí seachtracha

Beidh iarrthóirí seachtracha a chuir isteach le scrúdú a dhéanamh sa Ghaeilge nó i nuatheanga iasachta i dteagmháil le do scoil sula gcláraíonn siad mar iarrthóirí seachtracha agus beidh cead faighte acu ón bpríomhoide le do scoil a ainmniú mar a scoil chun críocha na scrúduithe béaltrialach teanga. San áireamh sa liosta iarrthóirí atá curtha ar fáil ag CSS beidh iarrthóirí scoilbhunaithe agus iarrthóirí seachtracha. San áireamh sa liosta iarrthóirí atá curtha ar fáil ag CSS beidh iarrthóirí scoilbhunaithe agus iarrthóirí seachtracha.

Ba chóir go dtabharfadh an Cuntóir Scrúduithe cúnamh don an t-allagóir aon iarrthóirí seachtracha ar a liosta iarrthóirí a chur in iúl don agallóir ábhartha, agus i gcomhairle leis an agallóir, dáta agus am a eagrú le go ndéanfar agallamh an iarrthóra sin. Ansin rachaidh Cúntóir na Scrúduithe i dteagmháil leis an iarrthóir seachtrach chun an dáta agus an t-am a chur in iúl dó/di.

Beidh ar iarrthóirí seachtracha polasaí cuairteoirí COVID-19 a chomhlíonadh. Cuirfidh CSS foirm dhearbhaithe COVID-19 ar fáil d'iarrthóirí seachtracha a chomhlánóidh na hiarrthóirí seo, agus a chuirfear ar fáil nuair atá siad ag freastal ar agallamh.

Beidh ar iarrthóirí seachtracha aitheantas a chur ar fáil bhainistíocht na scoile nuair a thagann siad go dtí an scoil agus arís don Agallóir sula dtosaíonn an t-agallamh. Tá aon cheann de na foirmeacha aitheantais seo a leanas inghlactha:

- Ceadúnas Tiomána
- Pas
- Aitheantas (I.D.) an Gharda Síochána (dóibh siúd atá os cionn 18 mbliana d'aois)
- Cárta Aitheantais Scoláire USIT
- Cárta Seirbhíse Poiblí.

## Iarrthóirí a bhfuil Soláthar Oiriúnaithe Oideachais acu

Is féidir socruithe eile a dhéanamh le haghaidh iarrthóra nach raibh in ann freastal ar an scoil go fisiciúil agus a bhfuil cianchlár de Sholáthar Oiriúnaithe Oideachais á leanúint aige/aici atá údaraithe ag an scoil i gcomhréir leis na treoirlínte *Leanúnachas Scolaíochta: Ag tacú le scoláirí iar-bhunscoile atá i mbaol an-ard ag COVID-19* (An Roinn Oideachais agus Scileanna, Meán Fómhair 2020). Tá an doiciméad ar fáil anseo: https://assets.gov.ie/86732/17f3cc49-72ad-4986-98fc-51037d93369e.pdf.

Sna cásanna seo, is féidir socruithe a dhéanamh go ndéanfar an t-agallamh ó chian. Cé gur chóir an t-agallamh a dhéanamh ar ardán físchomhdhála oiriúnach, (*Teams*, *Zoom*, etc.,) beidh ar an scoil a chinntiú go bhfuil nós imeachta cuí i bhfeidhm le taifeadadh **fuaime amháin** a dhéanamh de i gceann amháin de na formáidí comhad fuaime atá ceadaithe (féach Aguisín 1). **Níl** cead ag scoileanna físthaifeadtaí a chur isteach. Beidh ar an scoil agus ar an agallóir na socruithe oiriúnacha a dhéanamh lena sheiceáil nach bhfuil aon rochtain ag an iarrthóir ar ábhair le linn an agallaimh seachas na cinn atá ag teastáil don agallamh, ná nach mbeidh fáil acu ar aon duine eile a d'fhéadfadh leid nó cúnamh a thabhairt dó/di. Is féidir é seo a bhaint amach má shocraítear go dtaispeánann an t-iarrthóir don agallóir gach rud atá ar fáil sa seomra agus ar an deasc nó ar an mbord ag a bhfuil sé/sí, agus ina dhiaidh sin ba chóir an ceamara a shocrú ar bhealach go bhfuil doras an tseomra le feiceáil, agus go bhfuil an t-iarrthóir sa radharc. Más gá go mbeidh duine eile sa seomra le linn an agallaimh ar chúiseanna leighis nó ar chúiseanna tacaíochta eile, ansin ba chóir dó/di bheith le feiceáil agus taobh thiar den iarrthóir.

Is féidir leis an scoil socruithe den chineál céanna le haghaidh agallaimh ó chian a dhéanamh d'iarrthóirí eile nach bhfuil in ann freastal ar agallamh ar áitreabh na scoile ar chúiseanna a

bhaineann le COVID-19 nó ar chúiseanna leighis eile le teastas, cé gur chóir gach iarracht a dhéanamh an t-agallamh a eagrú ar an láthair. Go sonrach, níor chóir agallamh ó chian a bheith curtha ar fáil d'iarrthóir díreach mar gurb é rogha an iarrthóra féin. Ní mór don scoil a bheith sásta nach bhfuil bealach sábháilte ná féideartha le hagallamh a dhéanamh ar an láthair.

## Iarrthóirí a bhfuil Socruithe Réasúnta faofa acu (Scéim RACE)

Beidh scoileanna ar an eolas gur chóir go léireodh na socruithe réasúnta atá déanta d'iarrthóirí sna scrúduithe stáit an gnáthbhealach a n-oibríonn gach scoláire sa rang.

Agus ullmhúchán á dhéanamh chun agallaimh na mbéaltrialacha a dhéanamh, ní mór do scoileanna a chinntiú go bhfuil na socruithe iomchuí curtha i bhfeidhm d'iarrthóirí a bhfuil riachtanais bhreise acu i gcomhthéacs na n-agallamh. Mar shampla, i gcás scoláirí a bhfuil imní orthu, nó a bhfuil deacracht chainte acu, ní mór gach deis a thabhairt dóibh ina ainneoin sin a n-inniúlacht sa teanga ó bhéal a thaispeáint chomh héifeachtach agus is féidir san agallamh.

I gcás scoláirí a bhfuil riachtanais bhreise aitheanta acu, beidh fógra faighte ag scoileanna ón Rannóg Socruithe Réasúnta sa CSS maidir leis na socruithe atá curtha i bhfeidhm le haghaidh na scrúduithe, na comhpháirteanna béaltrialach san áireamh.

Ós rud é gur chóir na socruithe seo an gnáthbhealach a n-oibríonn an iarrthóir a léiriú, beidh múinteoir an iarrthóra ar an eolas cheana féin maidir lena bhfuil i gceist. Murab é seo an duine atá ag déanamh an agallaimh, ba chóir múinteoir an iarrthóra é seo a chur in iúl don agallóir.

## Iarrthóir as láthair de bharr tinnis

Mura bhfuil iarrthóir in ann freastal ar agallamh ar an lá ceaptha, ba chóir gach iarracht a dhéanamh an t-iarrthóir seo a éascú le linn na tréimhse ón 26 Márta go dtí an 15 Aibreán. Mura bhfuil sé indéanta bheith i láthair go fisiciúil le linn na tréimhse seo, ba chóir fiosrú a dhéanamh freisin faoin bhféidearthacht leis na socruithe céanna a dhéanamh agus atá déanta do scoláirí a bhfuil soláthar oideachais oiriúnaithe acu. Ach, mura féidir agallamh a eagrú de cheachtar den dá chineál le linn na tréimhse seo, ansin ní mór don iarrthóir iarratas a dhéanamh ar agallamh béaltrialach déanach chuig bainistíocht na scoile faoin **15 Aibreán** agus ní mór doiciméadacht liachta iomchuí a bheith ag teacht leis. Tá an fhoirm iarratais le hiarratas a dhéanamh ar agallamh béaltrialach déanach ceangailte leis seo in Aguisín 3.

Níor cheart glacadh le haon iarratais dhéanacha tar éis 15 Aibreán. Ní mór don fhoirm chomhlánaithe agus an doiciméadacht liachts ábartha tacaíochta a bheith coinnithe sa scoile agus b'fhéidir go n-iarrfaidh CSS iad chun críche deimhnithe. Ba chóir na hagallaimh le haghaidh a leithéid d'iarrthóirí ar bith a bheith eagraithe ag an scoil idir an 19 Aibreán agus an 30 Aibreán. Tabhair faoi deara **nár** chóir moill a chur leis an bpríomhbhaisc de thaifeadtaí na n-agallamh de bharr a leithéid de chásanna déanacha ar bith. Ba chóir na taifeadtaí ó agallaimh dhéanacha ar bith a chur ar ais mar bhaisc ar leith a luaithe agus atá siad ar fad curtha i gcrích.

I bhfianaise na socruithe leasaithe le haghaidh scrúduithe na mbéaltrialacha teanga le haghaidh 2021, tosófar ag marcáil na dtrialacha seo i mí na Bealtaine. Ar an ábhar seo, ar mhaithe le cothromas agus cothroime na n-iarrthóirí uile, caithfidh an t-agallamh béaltrialach athsceidealta a bheith ar siúl ar an nó roimh an 30 Aibreán. Sa chás nach bhfuil an t-iarrthóir in ann bheith i láthair don agallamh roimhe sin, ní bheifear in ann socrú a dhéanamh níos déanaí. Mar sin féin, ba chóir a thabhairt faoi deara, go mbeidh deis acu mar sin féin an scrúdú scríofa a dhéanamh (an marc don bhéaltriail a fhorghéilleadh), agus go mbeidh an deis acu Grád Creidiúnaithe a fháil san ábhar seo.

## Rolla Iontrála na nIarrthóirí agus Taifead an Agallóra a bhfuil a (h)Ainm Leis

Beidh an méid seo a leanas á eisiúint ag CSS chuig scoileanna sula dtosaíonn an deis leis na hagallaimh béaltrialach a reáchtáil ar an 26 Márta:

1. Réamhphriontáilte, *Rolla Iontrála na nIarrthóirí* do gach ábhar teanga a bhfuil iontrálacha i do scoil dó do scrúduithe na mbéaltrialacha, ar a mbeidh scrúduimhit, ainm agus dáta breithe an iarrthóra.

Ní mór do Chúntóir na Scrúduithe an rolla seo le haghaidh gach ábhair a sheiceáil lena sheiceáil go bhfuil na hiarrthóirí ar fad atá liostaithe ag déanamh scrúdú na béaltrialach. Má tá iarrthóir le bheith i láthair don agallaimh ní mór dóibh an rolla seo a shíniú os comhair a (h)ainm priontáilte, i láthair Chúntóir na Scrúduithe, sula dtéann sé/sí isteach i seomra an agallaimh. Má tharraingíonn iarrthóir amach, ní mór é seo a bheith scríofa in aice le hainm an iarrthóra chun a rá go bhfuil sé/sí tar éis 'tarraingt amach'. I ngach cás den sort sin caithfidh an scoil dearbhú i scríbhinn a fháil agus a choinneáil ón iarrthóir go raibh said tarraingthe siar. Má tá iarrthóir a tharraingt siar, ach má mhainníonn sé teacht suas le haghaidh agallaimh, ba chóir iad a mharcáil 'níor fhreastal' ar an rolla.

Má tá iarrthóirí ann ar mian leo bheith i láthair don agallaimh agus mura bhfuil siad liostaithe ar an rolla, ní mór do Chúntóir na Scrúduithe a n-ainm, scrúduimhir agus dáta breithe a scríobh ar an leathanach bán den rolla.

Ní mór an Rolla Iontrála na nIarrthóirí seo a chros-seiceáil in aghaidh *Thaifead an Agallóra a bhfuil a (h)Ainm Leis* a chuirfidh na hagallóirí ar ais (Aguisín 4). Tá an tseiceáil seo riachtanach lena dheimhniú go bhfuil an t-eolas ar an rolla ag teacht go díreach leis an eolas faoi na hiarrthóirí a d'fhreastail ar agallamh a ndearnadh taifeadadh ar a n-agallaimh. Ní mór don rolla seo bheith sínithe ag an bPríomhoide agus ag Cúntóir(í) na Scrúduithe freisin agus ní mór d'fhoirm *Shéala an Phríomhoide* a bheith ceangailte leis an rolla seo sula gcuirtear é ar ais go dtí CSS.

2. *Taifead an Agallóra a bhfuil a (h)Ainm Leis* (nach bhfuil réamhphriontáilte le hainmneacha na n-iarrthóirí, Aguisín 4) le bheith comhlánaithe ag an agallóir agus le bheith sínithe ag na hiarrthóirí ag tús gach agallaimh ina bhfuil an t-eolas seo a leanas le bheith taifeadta:

    - Ainm na Scoile
    - Uimhir Rolla na Scoile

- Ábhar (teanga)
- Do gach iarrthóir:
  - Scrúduimhir an Iarrthóra
  - Ainm an Iarrthóra
  - Dáta thaifeadadh an agallaimh bhéaltrialach
  - Am tosaithe agus críochnaithe an taifeadta
  - Síniú an iarrthóra atá ag freastal ar an agallamh béaltrialach.

Ní mór don agallóir na sonraí a líonadh isteach do gach iarrthóir nuair a thagann siad i láthair don agallaimh béaltrialach, agus ní mór don iarrthóir é a shíniú. Beidh sé riachtanach cóipeanna iomadúla den bhileog seo a phriontáil.

Nuair atá na hagallaimh curtha i gcrích, ní mór do shonraí na n-iarrthóirí a bheith dearbhaithe i gcoinne rolla iontrálacha iomlán Chúntóir na Scrúduithe agus ní mór don agallóir agus do Chúntóir na Scrúduithe nó don Phríomhoide an *Taifead* seo *de chuid an Agallóra a bhfuil a (h)Ainm Leis* a shíniú lena dheimhniú gur cuireadh na hagallaimh agus na taifeadtaí i gcrích do na hiarrthóirí ar fad atá liostaithe ar an rolla, agus i gcomhréir leis an treoirdhoiciméad seo agus na *Treoracha d'Agallóirí na mBéaltrialacha Teanga.*

## 5. Na hAgallaimh a Dhéanamh

Tá sraith ar leith de *Threoracha d'Agallóirí na mBéaltrialacha Teanga* ina ndéantar cur síos ar conas atá na hagallaimh le bheith déanta i ngach teanga. Tá cuid ag na treoracha seo a bhaineann le gach teanga, agus ina dhiaidh sin tá cuid ann nach mbaineann ach amháin leis an teanga atá i gceist. Tá na hagallaimh le bheith curtha i gcrích i gcomhréir leis na treoracha sin.

## 6. Má théann rud éigin amú

Ní bheadh sé réasúnta a bheith ag súil leis go gcuirfí na hagallaimh uile i gcrích gan fhadhb gach uair. Ba chóir don agallóir déileáil le mionfhadhbanna nó le haon chur isteach beag an uair a thagann siad chun cinn ar bhealach a measann an t-agallóir atá cothrom don iarrthóir. Ach, in ainneoin na n-iarrachtaí is fearr a bheith déanta, d'fhéadfadh fhadhb mhór teacht chun cinn, cosúil lena leithéid nach n-éireodh leis an taifeadadh bheith déanta ar chor ar bith, nó go ndéanfaí é a scriosadh nó a thruailliú ina dhiaidh an taifeadta. Sa chás go mbíonn a leithéid de dheacracht mhór ann, ba chóir don scoil socrú a dhéanamh go ndéanfaí an t-agallamh arís. Níor chóir go dtarlódh a leithéid ach go fíorannamh. Ina leithéid de na cásanna sin ar fad, níor chóir ach taifeadadh **amháin** a chur isteach le haghaidh gach iarrthóra san ábhar áirithe. Más rud é go ndeachaigh an chéad agallamh nó an taifeadadh amú chomh mór sin go bhfuil cúis mhaith ann an t-agallamh a dhéanamh as an nua, ansin is é an dara ceann an fíorléiriú de leibhéal inniúlachta ó bhéal an iarrthóra agus is é sin an t-aon cheann is cóir a chur isteach.

Is iad seo a leanas samplaí dá leithéid de chúinsí eisceachtúla:

(i) Nach n-éiríonn leis an agallóir taifeadadh a dhéanamh d'agallamh an iarrthóra

(ii) Go ndéantar an taifeadadh a scriosadh nó a thruailliú
(iii) Nach féidir an taifeadadh a chloisteáil
(iv) Gur fhág an t-agallóir amach cuid iomlán den agallamh.

Ina leithéid de chúinsí eisceachtúla, tar éis comhairliúchán idir an t-agallóir agus bainisíocht na scoile, déanann an t-agallóir socrú athagallamh a chur ar an iarrthóir chomh luath agus is féidir. Ní mór an t-agallamh a thaifeadadh agus a chur isteach chuig CSS leis na taifeadtaí ar fad eile. Níor chóir ach an dara taifeadadh seo a chur isteach. Mar sin, mar shampla, **níor** chóir an chéad taifeadadh nó aon chuid de na sonraí a athshlánaíodh uaidh a chur isteach. Ós rud é nach bhfuil ach taifeadadh amháin á chur isteach, ba chóir go mbeadh comhadainm an taifeadta mar an gcéanna agus a bheadh sé don bhunagallamh (féach Aguisín 1).

Sa chás nár cuireadh socrú rochtana ar fáil d'iarrthóir a bhí faofa le haghaidh a leithéid de shocrú faoi scéim RACE, ba chóir gach iarracht réasúnta a dhéanamh chun an deis a thabhairt don iarrthóir leis an agallamh a dhéanamh arís agus an socrú rochtana i bhfeidhm. Mar atá i gceist leis na cúinsí eisceachtúla eile, níl ach taifeadadh amháin le cur isteach.

I ngach ceann de na cásanna thuas, ní mór don agallóir tuairisc iomlán a chur ar fail.  Ba choir go mbeadh tuairisc iomlán faoin eachtra agus faoin mbeart a rinneadh. Ba chóir go mbeadh sé sínithe don agallóir agus ag an gCúntóir Scrúdaithe nó ag príomhoide na scoile agus ba choir é a chur faoi bhráid agus í a chur go dtí CSS in éineacht leis na taifeadtaí.

Beifear ag súil leis go ndeimhneoidh príomhoide na scoile go ndearnadh na hagallaimh agus na taifeadtaí i gcomhréir leis an treoirdhoiciméad seo agus leis na *Treoracha d'Agallóirí na mBéaltrialacha*, agus gur cuireadh na seiceálacha nós imeachta agus seiceálacha eile i gcrích, agus gur dhéileáil an scoil (Aguisín 3) go sásúil agus go hiomchuí leis na fadhbanna uile a tháinig chun cinn

## 7. Na taifeadtaí agus na doiciméid a chur ar ais go dtí CSS

Iarrfar ar scoileanna socrú a dhéanamh leis an ábhar le haghaidh gach teanga a chur ar ais go dtí CSS ar phostas cláraithe, tar éis treoracha sonraithe a fháil ó CSS, a luaithe agus atá agallaimh na mbéaltrialacha teanga curtha i gcrích i do scoil don teanga sin. D'fhéadfadh sé seo tarlú ar an 15 Aibreán nó níos luaithe má bhíonn siad curtha i gcrích roimh an dáta sin. Má chríochnaíonn teangacha éagsúla ar dhátaí éagsúla, ná cuir moill ar cheann amháin chun bheith ar fanacht ar cheann eile. Ba cheart na taifeadtaí teanga a chur ar ais de réir ábhair chomh luath agus is féidir mar go bhfuil gach ábhar críochnaithe. Tá sé riachtanach go ndéanfaí cúltacha de gach taifeadadh sula gcuirtear na taifeadtaí faoi bhráid CSS (Aguisín 1).

Soláthrófar treoracha maidir leis na socruithe um fhilleadh trí chóras poist cláraithe An Phost leis na habhair phostála agus pacáistithe a chuirfidh CSS ar fail. Cuimseoidh na hábhar seo a leanas:

- stuáilte bhána speisialta do na heochracha USB a bhfuil na taifeadtaí le seoladh ar ais
- clúdach seachtrach plaisteach oráiste agus bán
- lipéid bharrachóid chláraithe réamhíoctha le haghaidh gach teanga

- agus taifead den fhoirm phostais leis na taifeadtaí a chur ar ais agus na doiciméid lena mbaineann trí chóras postais chláraithe de chuid An Post

Ba chóir na heochracha USB Mhéaróga Cuimhne agus *Taifead/Taifid an Agallóra a bhfuil a (h)Ainm Leis* a chur isteach sa chlúdach stuáilte bán. Ní mór taifeadadh a dhéanamh den ábhar agus uimhir rolla na scoile ar aghaidh an chlúdaigh seo. Ansin ba chóir an clúdach stuáilte bán a chur isteach sa chlúdach seachtrach plaisteach oráiste agus bán agus an lipéid cláraithe ceangailte leis. Ba chóir *Rolla Iontrála na nIarrthóirí* agus foirm *Shéala an Phríomhoide* atá ceangailte leis go daingean a chur isteach sa chlúdach seachtrach freisin. Sa phróiseas, beidh ar na scoileanna taifead den phostas a fháil ó oifig an phoist freisin nuair atá an t-ábhar á chur ar ais go dtí CSS. Ní mór do chruthúnas an phostais a choinneáil sa scoil sa chás go n-iarrann CSS deimhniú gur cuireadh ar ais taifeadtaí na mbéaltrialacha.

Gheobhaidh na scoileanna na hábhair phostais agus phacáistithe agus na doiciméid a bhaineann leo le linn na seachtaine a thosaíonn ar an 22 Márta.

## 8. Achomhairc

Beidh an deis ag iarrthóirí achomharc a dhéanamh nuair a fhaigheann siad a dtorthaí sealadacha as na scrúduithe agus an proiseas grád creidiúnaithe. Mar chuid den phróiseas achomhairc i gcás na Gaeilge agus na nuatheangacha iasachta, déanfar taifeadadh na béaltrialach a mharcáil arís. Ní rachaidh scóip an achomairc thar an marcáil a rinne an chéad scrúdaitheoir CSS ar an inniúlacht ó bhéal a léirigh an t-iarrthóir ar an taifeadadh. Ní chlúdóidh an próiseas achomhairc aon ghnéithe den agallamh béaltrialach ná an taifeadadh a sholáthar agus a dhéanamh sa scoil. Ar an ábhar seo, mar a leagadh amach cheana féin, tá sé riachtanach go gcinnteoidh bainistíocht na scoile go ndéantar agallaimh na mbéaltrialacha i gcomhréir leis an treoir atá curtha ar fáil ag CSS agus go ndéileáiltear le haon fhadhbanna a bhaineann leis na trialacha a chur i gcrích sa scoil sula gcuirtear an t-ábhar isteach chuig CSS le marcáil a dhéanamh orthu. Ní bheidh sé faoi CSS ach an t-ábhar a mharcáil mar atá curtha isteach ag an scoil go dtí CSS

## 9. Íocaíocht an phearsanra atá ceaptha ag an scoil

Déanann CSS maoiniú ar cheapachán an phearsanra atá ceaptha ag an scoil leis na scrúduithe a sholáthar trí shamhail mhaoinithe. Clúdaíonn sé seo feitheoirí atá ceaptha go háitiúil, feitheoirí ionad speisialta agus Cúntóirí na Scrúduithe. Eiseofar in am trátha Ciorclán Airgeadais CSS ar leith maidir le Pearsanra atá Ceaptha go hÁitiúil. Ba chóir do scoileanna taifid a choinneáil dóibh siúd atá ceaptha le haghaidh na ról seo agus den obair a cuireadh i gcrích le héascú a dhéanamh ar an bhfoirm éilimh a chur i gcrích a chuirfear ar fáil.

Aisíocfaidh CSS costais bhreise réasúnta a thabhaítear go sonrach maidir le solas, teas, glanadh, airíoch agus TCP, liastigh de soileanna, a bhaineann leis na mbéaltrialacha a bhíonn ar siúl tráthnóna, deireadh seactaine agus laethanta saoire na Cásca.

**Agallóirí na mBéaltrialacha**

Le haghaidh 2021, cuirfear agallóirí na mbéaltrialacha leis an liosta faofa den phearsanra atá ceaptha ag an scoil agus déanfaidh CSS na costais fostaíochta (lena n-áirítear ÁSPC an fhostóra ag an ráta iomchuí a bhaineann leis an ról) a aisíoc. Ba chóir do scoileanna na rátaí seo a leanas a nótáil le haghaidh agallaimh na mbéaltrialacha;

| | |
|---|---|
| Gaeilge Bonnleibhéil na hArdteistiméireachta | €14.60 do gach iarrthóir |
| Gach agallamh eile | €19.56 do gach iarrthóir |

Léiríonn na rátaí seo am na n-agallamh seo a bheidh ar siúl nuair nach eagraítear gníomhaíochtaí scrúdaithe foirmiúla de ghnáth.

Beidh an íocaíocht le haghaidh scrúdaitheoirí béaltrialacha de chuid an CSS bunaithe ar an méid thuas an léireoidh sé freisin na dualgais bhreise a dhéanann na scrúdaitheoirí le linn na marcála.

Níl Taisteal ná Cothú le híoc le scrúdaitheoirí béaltrialacha. Má roghnaíonn scoil múinteoir lasmuigh den scoil, is gá don scoil íoc as aon chostais taistil agus as aon chostais ghaolmhara.

**Cúntóirí na hArdteistiméireachta**

Cuirfear in iúl do scoileanna i gciorclán Airgeadais an CSS mar a bhfuil tagairt déanta dó thuas faoi raon iomlán thacaíochtaí Chúntóirí na hArdteistiméireachta (lena n-áirítear Scrúduithe agus Gráid Chreidiúnaithe) le hArdteistiméireacht 2021 a chur ar fáil. Ba chóir do scoileanna an méid seo a leanas a nótáil maidir le hagallaimh na mBéaltrialacha.

Is faoi na scoileanna Cúntóir Scrúduithe a cheapadh le haghaidh na mBéaltrialacha mar seo a leanas;

| | |
|---|---|
| Scoileanna ina bhfuil suas le 120 iarrthóir de chuid na hArdteistiméireachta | 8 Lá |
| Scoileanna ina bhfuil 120 iarrthóir de chuid na hArdteistiméireachta nó níos mó | 10 Lá |

Is é ráta Chúntóir na hArdteistiméireachta (a chuireann san áireamh arduithe pá na hearnála poiblí a tharla le déanaí) €146.19 in aghaidh an lae.

## 10. Sonraí Teagmhála

Ba chóir ceisteanna a bahineann leis an doiciméad treoracg seo a sheoladh trí ríomhphost chuig orals@examinations.ie nó glaoch a chur ar 090 6442741/2745.

# Aguisín 1 Eolas teicniúil maidir leis na hagallaimh a thaifeadadh

Beidh ar scoileanna ullmhúchán a dhéanamh sula ndéantar na hagallaimh. Is é a bheidh i gceist leis seo

- ná cinneadh a dhéanamh faoin trealamh agus na bogearraí oiriúnach leis na hagallaimh a thaifeadadh
- na taifeadtaí a shábháil ar an mbealach cuí agus
- na nósanna imeachta a thástáil roimh na hagallaimh.

## Trealamh le taifeadadh a dhéanamh

### Gléasanna


Is féidir le scoileanna úsáid a bhaint as trealamh oiriúnach ar bith le taifeadadh a dhéanamh ar an gcoinníoll go bhfuil caighdeán an taifeadta déanta sa chaoi is gur féidir le scrúdaitheoir eisteacht leis go soiléir agus go ndéantar na comhaid a shábháil mar na cineálacha comhaid iomchuí a ndéantar cur síos orthu thíos. Is é seo a leanas liosta de roinnt samplaí den trealamh a d'fhéadfaí a úsáid leis na hagallaimh a thaifeadadh:

- Ríomhaire glúine nó ríomhaire deisce ina bhfuil micreafón ionsuite
- Ríomhaire glúine nó ríomhaire deisce a bhfuil micreafón USB seachtrach ceangailte leis
- Táibléad

Ba chóir a thabhairt faoi dear gur féidir le deacrachtaí a bheith ann comhaid a chóipeáil ó tháibléad, ach amháin má bhíonn taithí ag an scoil a leithéid a dhéanamh.

Níor chóir fóin phóca a úsáid mar ghléasanna taifeadta.

## Na taifeadtaí a shábháil ar Mhéaróga Cuimhne USB



**Fíor 1**

Ba chóir na taifeadtaí a shábháil ar Mhéaróga Cuimhne USB, **(Fíor 1)**, atá curtha ar fáil ag an scoil. De ghnáth déanfar é seo trí shábháil a dhéanamh ar an gcéad dul síos ar an tiomántán crua den ríomhaire glúine nó den ríomhaire deisce (PC) agus ansin na comhaid a chóipeáil ar Mhéaróg Chuimhne an USB. Tá sé riachtanach gur féidir na comhaid shábháilte a bhogadh ar na Méaróga Cuimhne USB, is cuma faoin modh a úsáideadh chun iad a thaifeadadh. Beidh **trí** Mhéaróg Chuimhne USB ag teastáil ó scoileanna le haghaidh gach teanga, chomh maith leis na socruithe le cóipeanna cúltaca a dhéanamh mar a dhéantar a nótáil thíos. Ba chóir macasamhail a dhéanamh de shraith iomlán na dtaifeadtaí le haghaidh gach teanga ar gach ceann de na trí thiomántán. Ba chóir gach méaróg chuimhne a lipéadú le huimhir rolla na scoile agus leis an teanga. Sula bhfaigheann tú na Méaróga Cuimhne USB, beidh ort a sheiceáil cad é an acmhainn atá ag teastáil lena chinntiú gur féidir le gach ceann de na taifeadtaí **uile** le haghaidh na teanga atá i gceist a stóráil go héasca. Beidh méid gach taifeadta ag brath ar an trealamh agus ar na bogearraí a úsáideann tú agus ar na formáidí comhaid fuaime atá ceadaithe a úsáideann tú. Tar éis taifeadadh tástála a dhéanamh den fhad agus tar éis méid an chomhaid a sheiceáil, beifear in ann cinneadh a dhéanamh faoi acmhainn riachtanach na Méaróg Cuimhne USB.

Ba chóir duit a chur san áireamh go bhféadfadh na taifeadtaí i bhfírinne a bheith níos mó ná mar a rabhthas ag súil leo ar an mbonn den taifeadadh samplach. Moltar duit úsáid a bhaint as tiomántáin nua nár úsáideadh roimhe seo chun críocha ar bith eile, ach i gcás ar bith ní mór duit a chinntiú nach bhfuil aon ábhar eile seachas na taifeadtaí ar na tiomántáin nuair a chuirtear isteach iad.

## Bogearraí

Is féidir bogearraí ar bith a úsáid chun na hagallaimh a thaifeadadh ar an gcoinníoll gur féidir leis na taifeadtaí a shábháil le ceann ar bith de na hiarmhíreanna cineáil comhaid seo a leanas:

- **mp3**
- **wav**
- **aiff**
- **m4a**

Beidh an chuid is mó d'fheidhmchláir taifeadta gutha ar Windows nó ar MacOS in ann ceann amháin ar laghad de na formáidí atá liostaithe thuas a thaifeadadh. Más i bhformáid éagsúil atá an taifeadadh, a d'fhéadfadh tarlú má bhaintear úsáid as gléasanna nach bhfuil chomh coitianta, ansin **ní mór** na comhaid a thiontú isteach i gceann amháin de na cineálacha comhaid atá liostaithe thuas. B'fhéidir go mbeidh gá le sainbhogearraí leis seo a dhéanamh agus ní mholtar é seo ach amháin má tá taithí ag scoil a leithéid a dhéanamh roimhe seo.

Tá roinnt roghanna leis na hagallaimh a dhéanamh ag baint úsáid as gléas Windows nó MacOS liostaithe thíos:

**Windows**

- Feidhmchlár Voice Recorder – ar fáil ar gach gléas Windows 10
- Feidhmchlár Sound Recorder – ar fáil ar gach gléas Windows 8
- Feidhmchlár tríú páirtí saor in aisce ar nós Audacity (https://www.audacityteam.org/download/)

**MacOS**

- Feidhmchlár Voice Memos
- Feidhmchlár QuickTime Player
- Feidhmchlár tríú páirtí saor in aisce ar nós Audacity (https://www.audacityteam.org/download/)

**Gléas táibléid**

- Aipeanna ionsuite le guthanna a thaifeadadh – Voice Memos (IOS), Voice Recorder (Android)
- Aipeanna tríú páirtí

## Gnás ainmnithe comhaid

Ba chóir gach agallamh a shábháil ag baint úsáid as comhad ar leith. Caithfear taifeadtaí a stopadh agus a shábháil níos gasts ná iad a chur ar sos idir gach iarrthóir mar gheall ar stopadh, dhéanfaí gach agallamh a thaifeadadh I gcomhad amhain. Ba chóir an comhad iarrthora aonair a shábháil ag baint úsáid as an ngnás ainmnithe iomchuí mar a bhfuil cur síos déanta air thíos tar éis gach agallaimh agus sula dtosaítear an t-agallamh leis an gcéad iarrthóir eile.

**Tabhair faoi deara:** Ba chóir tástáil a dhéanamh ar an gcéad taifeadadh ó thaobh caighdeáin de lena chinntiú gur féidir an t-iarrthóir a chloisteáil.

Ba chóir an taifeadadh a shábháil san fhormáid **Scrúduimhir + CódTeanga**. I bhfocail eile, dhéanfaí iarrthóir a bhfuil Scrúduimhir 123456 aige/aici, a bhfuil agallamh na béaltrialach Fraincise á dhéanamh aige/aici, a shábháil leis an gcomhadainm: **123456FRE**. Ba chóir go mbeadh aon cheann de na hiarmhíreanna comhaid seo atá liostaithe thuas ag an gcomhad seo (is ionann agus an fhormáid inar sábháladh é). Sa sampla seo, ní bheadh ach na comhadainmneacha seo inghlactha:

- **123456FRE.mp3**
- **123456FRE.wav**
- **123456FRE.aiff**
- **123456FRE.m4a**

Tabhair faoi deara le do thoil, mura sábáladh an comhad I gceann de na formaidí seo, beidh gá le bogearraí speisialaithe chun é a thiontú.  Ni féidir leat formáid an chomhaid a athrú ach an síneadh ainm comhaid a athrú.  Mira bhfuil do thaifeadtaí á ndéanamh go hauthoibríoch I gceann de na formáidí riachtanacha, beidh ort a chinntiú go bhfuil socruithe iomchuí déanta ag an Cuntoir Scrúduithe chun formaid comhaid a thiontu.

**Tabhair faoi deara:** tá sé tábhachtach go ndéantar gach comhadainm a sheiceáil go cúramach lena chinntiú go bhfuil ainm an iarrthóra i gceart, mar gurb é seo an t-aitheantóir uathúil a nascann gach taifeadadh leis an iarrthóir ceart.

Is féidir an tábla thíos a úsáid chun cinneadh a dhéanamh faoin gcód teanga ceart atá le húsáid. Eiseofar tuilleadh eolais maidir le béaltrialacha ATF níos déanaí.

| Teanga | Cód |
|---|---|
| Gaeilge | GAE |
| Fraincis | FRE |
| Gearmáinis | GER |
| Spáinnis | SPN |
| Iodáilis | ITA |
| Seapáinis | JPN |
| Rúisis | RUS |

## Tástáil a dhéanamh ar na nósanna imeachta

Ba chóir tástáil iomlán a dhéanamh ar na nósanna imeachta agus ar an trealamh sula ndéantar na hagallaimh. Ba chóir go mbeadh taifeadadh i seomra(í) ina mbeidh na hagallaimh ar siúl san áireamh anseo, leis na daoine agus an trealamh sa suíomh ina mbeidh siad, agus go ndéanfar an comhad a shábháil ag baint úsáid as an ngnás ainmnithe ceart agus ag baint úsáid as an iarmhír cineáil comhaid iomchuí. Ba chóir éisteacht leis an taifeadadh seo ansin chun críocha caighdeáin.

## Na hagallaimh a chur i dtoll a chéile

Nuair a chuirtear na hagallaimh le haghaidh gach teanga i gcrích, ní mór **gach** ceann de na taifeadtaí a chur i dtoll a chéile in aon fhillteán amháin. B'fhéidir go raibh agallóirí éagsúla agus gléasanna éagsúla in úsáid leis na hagallaimh a dhéanamh, ach ag deireadh an phróisis ní mór na hagallaimh uile do theanga ar leith a shábháil i bhfillteán amháin ag an Cuntóir Scrúduithe.

## Tástáil a dhéanamh ar na taifeadtaí

Tá an scoil freagrach as caighdeán na dtaifeadtaí a chinntiú chun críocha scrúdaithe. Ba chóir **trí** agallamh ar a laghad a rognú go randamach as an bhfillteán agus ba chóir éisteacht leo le bheith in ann na comhaid a dhearbhú ó thaobh cáilíochta de. Mura bhfuil an fhuaim sásúil, ansin ní mór caighdeán na dtaifeadtaí ar fad atá fágtha a sheiceáil. Sa chás go bhfuil aon cheann de na taifeadtaí nach bhfuil an caighdeán sásúil, beidh ar an scoil socrú a dhéanamh go ndéanfar na hagallaimh arís. San áireamh sa séala a chuireann priomhoide na scoile leis an bpróiseas iomlán dearbhú go bhfuil na seiceálacha déanta agus go bhfuil na taifeadtaí caighdeán fuiame go leor.

## Na taifeadtaí a eagrú le cur ar ais go dtí CSS

Ní mór na treoracha seo a leanas a leanúint.

1. Ní mór sraith iomlán na dtaifeadtaí le haghaidh teanga ar leith a chóipeáil agus ní mór an tsraith iomlán a chur ar gach ceann de na trí Mhéaróg Chuimhne USB, ionas go mbeidh sraith iomlán ag gach tiomántán.
2. Ba chóir na trí mhéaróg chuimhne USB don teanga sin a lipéadú le greamán a thaispeánann uimhir roll na scoile agus an teanga, agus a chur taobh istigh den chlúdach stuáilte bán atá curtha ar fáil duit ag CSS chun na críche sin. Ba chóir uimhir rolla na scoile agus an t-ábhar a scríobh sna spásanna atá curtha ar fáil ar an gclúdach.
3. Ba chóir *Taifead/Taifid an Agallóra a bhfuil a (h)Ainm Leis* don ábhar a chur isteach sa chlúdach seo freisin. Ba chóir an clúdach seo in éineacht le rolla iontrála na n-iarrthóirí a chur isteach ansin sa chlúdach plaisteach oráiste agus bán a bhfuil an seoladh air cheana féin a mbeidh lipéad barrachód cláraithe réamhíoctha air
4. Ba chóir na taifeadtaí le haghaidh gach ábhair a choinneáil i gclúdaigh ar leith, mar cuirfear iad ar ais astu féin.

Mar shampla, beidh **naoi** méaróg chuimhne USB ag teastáil ó scoil a bhfuil iarrthóirí acu sna béaltrialacha Gaeilge, Fraincise agus Spáinnise. Cuirfear cóip bheacht de na hagallaimh béaltrialacha sa Ghaeilge a rinneadh sa scoil i **dtrí** mhéaróg chuimhne, a bheidh lipéadaithe le uimhir rolla na scoile agus an teanga, agus cuirfear iad seo ar fad isteach sa chlúdach Gaeilge. Déanfar an rud céanna don Fhraincis agus don Spáinnis. Beidh trí chlúdach ann, ceann amháin do gach teanga.

## Cóip chúltaca a choimeád

Ní mór don scoil cóip a choinneáil de na taifeadtaí uile go dtí go gcuirfear achomhairc 2021 i gcrích nó go dtí go dtugann CSS treoir eile. Ba chóir na comhaid a stóráil ar Mhéaróg Chuimhne USB atá cosanta ag pasfhocal, iad a choinneáil in áit fhisiciúil shábháilte, nó ar thiomántán crua in áit shábháilte nó in áit shábháilte atá cosanta le pasfhocal ar líonra na scoile. Ba chóir aon bhearta breise atá ag teastáil ó pholasaí slándála sonraí na scoile féin a chur i bhfeidhm.

A luaithe agus a chuirtear na trí shraith uile ar na Méaróga Cuimhne USB agus a chruthaítear an tsraith de na cóipeanna cúltaca, ba chóir na comhaid uile a scriosadh go hiomlán de na gléasanna a ndearnadh taifeadadh orthu ar dtús.

## Aguisín 2

### Scrúduithe Béaltrialacha na hArdteistiméireachta, 2021

### Séala an Phríomhoide

Ainm na Scoile: ______________________________________________

Uimhir Rolla na Scoile: ______________________________________________

Ábhar: ______________________________________________

1. Rinneadh líon na dtaifeadtaí atá á gcur isteach a thabhairt le chéile in aghaidh líon na n-iarrthóirí atá deimhnithe ar rolla iontrála na n-iarrthóirí a rinne agallamh béaltrialach san ábhar seo mar seo a leanas:

   Líon na dtaifeadtaí ar gach Méaróg Chuimhne USB: [ ]

   Líon na n-iarrthóirí atá deimhnithe ar an rolla iontrála: [ ]

   Tabhair faoi deara: ba chóir go mbeadh an dá líon seo mar an gcéanna.

2. Deimhním:

   - gur ceapadh pearsanra oiriúnach mar an t-agallóir/na hagallóirí
   - gur cuireadh na doiciméid agus ábhair iomchuí ar fáil dóibh
   - go ndearnadh na hagallaimh agus na taifeadtaí i gcomhréir leis na *Treoracha d'Agallóirí na mBéaltrialacha teanga* le haghaidh an ábhair seo
   - gur cuireadh i gcrích na seiceálacha riachtanacha agus na tascanna riaracháin mar a bhfuil cur síos déanta orthu sa *Treoir do Bhainistíocht na Scoile*
   - gur cuireadh na socruithe réasúnta faofa agus iomchuí ar fad i bhfeidhm
   - gur déileáladh le haon deacrachtaí agus le gach deacracht a tháinig chun cinn go sásúil agus go hiomchuí ag an scoil mar a bhfuil cur síos déanta orthu sa *Treoir do Bhainistíocht na Scoile*
   - gur cuireadh próiseas agallaimh na mbéaltrialacha i críoch go cothrom agus go hionraic.

3. Tuigim nach ndéanfaidh na scrúdaitheoirí atá ceaptha ag an CSS na hiarrthóirí a mharcáil ach amháin ar fhianaise na hinniúlachta ó bhéal a léiríonn siad go soiléir agus os ard le linn an agallaimh ar na taifeadtaí a chuirtear isteach.

Síniú an Phríomhoide: ________________________________ Dáta: ____________

**Ba cheart an fhoirm seo a cheangal go daingean leis an rolla Iontrála Iarrthóra le cur foi bhraid CSS.**

**Aguisín 3** Scrúduithe Béaltrialacha na hArdteistiméireachta, 2021

Iarratas ar Bhéaltriail d'iarrthóir(í) atá as láthair de bharr tinnis

***An spriocdháta le foirmeacha iarratais comhlánaithe a fháil, agus <u>ní mór fianaise doiciméadacht liachta ábhartha a bheith in éineacht leo ná: an 15 Aibreán</u>, 2021***

**UIMH. ROLLA NA SCOILE:** ____________ **UIMH. FÓIN NA SCOILE** ____________

Ainm agus Seoadh na Scoile: ______________________________________________

| | | CUIR TIC LEIS AN MBOSCA/ NA BOSCAÍ CUÍ | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Uimh. an Iarrthóra** | **Ainm an Iarrthóra** | **Teasta Leighis faoi iamh** | **Gaeilge** | **Gaeilge (BL)** | **Fraincis** | **Gearmáinis** | **Spáinnis** | **Rúisis Iodáilis Seapáinis** |
| | | | | | | | | |
| | | | | | | | | |
| | | | | | | | | |
| | | | | | | | | |
| | | | | | | | | |
| | | | | | | | | |
| | | | | | | | | |
| | | | | | | | | |
| | | | | | | | | |
| | | | | | | | | |

Ní mór an fhoirm chomhlánaithe agus an doiciméadacht liachta ábhartha a bheith coinnithe sa scoil agus b'fhéidir go n-iarrfadh CSS é seo chun críche deimhnithe. Síniú an Phríomhoide: ______________________________ Dáta: ______________________

**AGUISÍN 4**

# Scrúduithe Béaltrialacha na hArdteistiméireachta, 2021
## Taifead an Agallóra a bhfuil a (h)Ainm Leis

Ainm na Scoile: ______________________________ Uimhir Rolla na Scoile: ____________

Ábhar ______________________________

Déan taifeadadh den eolas seo a leanas le do thoil do gach ceann de na hiarrthóirí seo a leanas atá i láthair don agallamh béaltrialach.

| | ***Scrúduimhir*** | ***Ainm*** | ***Dáta an taifeadta*** | ***Am tosaithe an taifeadta*** | ***Am críochnaithe an taifeadta*** | ***Síniú an Iarrthóra*** |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 1. | | | | | | |
| 2. | | | | | | |
| 3. | | | | | | |
| 4. | | | | | | |
| 5. | | | | | | |
| 6. | | | | | | |
| 7. | | | | | | |
| 8. | | | | | | |
| 9. | | | | | | |
| 10. | | | | | | |
| 11. | | | | | | |
| 12. | | | | | | |
| 13. | | | | | | |
| 14. | | | | | | |

Deimhním go ndearna mé na hagallaimh i gcomhréir leis na *Treoracha d'Agallóirí na mBéaltrialacha teanga* don ábhar seo agus go ndearna mé iad a thaifeadadh mar atá mionsonraithe thuas, agus go ndearna mé na seiceálacha agus na tascanna riachtanacha ar fad i gcomhar le Cúntóir na Scrúduithe/leis an bPríomhoide.

Síniú an Agallóra: ______________________________ Dáta: ____________

Cúntóir na Scrúduithe/Príomhoide: ______________________________ Dáta: ____________